Reacfad feasda dán re Dia

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 47]

1 Reacfad feasda dán re Dia
trí rainn déag do Mhac Mharia
ós é as truma duais dána
is guais d'urra a bhfaghála.

2 A-tá againn re hathaidh
tar Críosd is ciall mearachaidh
súil ris an saoghal mo-nuar
baoghal dúin gurab díombuan.

3 Molaim Íosa ós í an chóir
sul dtí lá sléibhe Si-óin
ní huain adhmholta ar éan-chor
m'anlochta an uair fhoillséachar.

4 Is í an chéad duais iarraim air
cruthuightheoir cloinne Ádhaim
gidh bé as damhna d'amhan ann
gan tadhal m'anma i nIofrann.

5 Airteagail uaisle an chreidimh
ní fágthar uaim d'fhaoiseidin
tearc do ghlain-teagair ar ngníomh
seacht n-airteagail an Aird-ríogh.

6 Eachtra Íosa a-nuas do nimh
céadairteagal an chreidimh
toirrcheas óighe ar chlainn gan chean
gan chaill a hóighe ag aoin-fhear.

7 A Chríosd cia leis nach eagal
is é an dara hairteagal
cóir a bhuidhe do bhreith ribh
Muire dod bhreith sa Bheithil.

8 Is é an t-airteagal oile
a Mheic ochta ógh-Mhuire
goin do chridhe chorcra i gcrois
lochta t'fhine do íocais.

9 Airteagal díobh a-deir me
t'adhlacadh d'éis do pháise
tú liaigh do chlann-mhaicne i gclí
i ndiaigh t'adhlaicthe a Aird-rí.

10 Do éirigh tusa an treas tráth
ón uaimh gérbh éachtra ionghnáth
do chrú led ghrásaibh i ngioll
is tú do fhásaigh Ifreann.

11 Uasal an féasda an dar-daoin
súil re grás Dé ní díomhaoin
d'éis a chéasda i gcéill do chuir
an féasda na fhéil uasail.

12 Do chuaidh ar dheis Dé nimhe
oighre an Athar ainglidhe
a thurbhadh uaim dá fhagháil
uaidh a-dubhradh deasgabháil.

13 Tiocfaidh aird-bhreitheamh laoi an luain
do mheas ar locht lór d'anbhuain
beith na thigh leam go leagar
ag sin earr ar n-airteagal.

14 A Mhíchíl a mhaoir an Ríogh
saor me tar mead mo mhí-ghníomh
méala an mhí-mhéin ar m'aire
déana a fhíréin m'ionghuire.   REACFAD